AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 29.5.2020
COM(2020) 459 final

2018/0224 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh,**

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gclár sonrach a bhunú lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht,**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta,**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN Gcomhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Géarchéim fhorleathan agus thromchúiseach don tsláinte phoiblí is ea paindéim COVID-19. Cuireann sé isteach go mór ar shaoránaigh, ar shochaithe agus ar gheilleagair ar fud an domhain. Ní fhacthas riamh roimhe seo fairsinge na géarchéime sláinte agus na bhfreagraí beartais a tugadh chun í a rialú. Mar thoradh air sin, is iondúil go mbíonn doimhneacht an tionchair shocheacnamaíoch aige éiginnte. Cheana féin ag an gcéim seo, is cinnte go bhfuil dúshláin mhóra nach bhfacthas a leithéid riamh ag baint leis maidir le córais airgeadais agus eacnamaíocha na mBallstát. De réir réamhaisnéisí eacnamaíocha an Choimisiúin san earrach[1], tuartar go gcrapfaidh OTI an AE thart ar 7.5 % i mbliana — i bhfad níos doimhne ná an ghéarchéim airgeadais dhomhanda in 2009 — agus nach bhfágfaidh sé ach 6 % in 2021.

Mar fhreagairt air sin, ghlac na Ballstáit bearta eisceachtúla lánroghnacha eacnamaíocha agus airgeadais. In éineacht le héifeacht na “gcobhsaitheoirí uathoibríocha” mar a thugtar orthu, i.e. íocaíochtaí dá bhforáiltear faoi árachas dífhostaíochta agus faoi chórais slándála sóisialta mar aon le caillteanas ioncaim ó cháin, tá tionchar suntasach ag na bearta sin ar a n-airgeadas poiblí agus tá easnamh foriomlán ginearálta rialtais ag méadú ó 0.6 % den OTI in 2019 go 8.5 % den OTI sa limistéar euro agus san AE araon i mbliana.

Tá tionchar mór ag géarchéim phaindéimeach COVID-19 ar shochaithe ar fud an domhain freisin, ag tosú le córais sláinte, agus ag bogadh i dtreo iarmhairtí tromchúiseacha domhanda sóisialta agus eacnamaíocha. Ní mór dár straitéis freagartha a bheith cuimsitheach, comhleanúnach agus comhtháite, ag dul i ngleic leis an tsláinte phoiblí agus leis na dúshláin shocheacnamaíocha araon. Is iad na tíortha is lú forbairt is mó atá i mbaol COVID-19, i bhfianaise na gcóras sláinte lag agus neamh-athléimneach atá acu agus na ndúshlán casta socheacnamaíoch agus rialachais atá rompu. Is léir cheana féin go mbeidh tionchar mór ag COVID-19 ar na córais eacnamaíocha agus mhaicreacnamaíocha inár dtíortha comhpháirtíochta. Tabharfar dúshlán do na rialtais cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chothú agus spás fioscach a choimeád chun na daoine is leochailí, a gcuideachtaí agus a n-oibrithe a chosaint, agus leanúint de sheirbhísí sóisialta bunúsacha a chur ar fáil.

Éilíonn an staid eisceachtúil sin cur chuige comhleanúnach agus aontaithe ar leibhéal an Aontais.

Beidh infheistíocht ollmhór phoiblí agus phríobháideach ag teastáil ar leibhéal na hEorpa i gcomhair plean cuimsitheach don téarnamh Eorpach chun borradh a chur faoin ngeilleagar, chun poist ar ardchaighdeán a chruthú agus chun infheistíocht a dhéanamh chun an damáiste láithreach a rinneadh de dheasca an Choróinvíris a dheisiú. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag moladh go mbainfí leas as cumhacht iomlán bhuiséad an Aontais chun tacaíocht infheistíochta a chur ar fáil agus tús áite a thabhairt do thacaíocht airgeadais sna chéad bhlianta ríthábhachtacha téarnaimh atá bunaithe ar an méid seo a leanas:

Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh mar bheart eisceachtúil bunaithe ar

Airteagal 122 de CFAE, a mbeidh a mhaoiniú bunaithe ar chumhachtú dá bhforáiltear sa togra le haghaidh an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse. Leis na cistí, beifear in ann bearta tapa a chur chun feidhme chun slite beatha a chosaint, cosc a mhéadú agus teacht aniar agus téarnamh a neartú mar fhreagairt ar an ngéarchéim.

- **Creat Airgeadais Ilbhliantúil treisithe do 2021-2027**

[1] Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Páipéar Institiúideach 125. Bealtaine 2020.

Déanfar na bearta téarnaimh agus athléimneachta faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh trí na feithiclí cur chun feidhme atá ann cheana faoi roinnt clár sonrach de chuid an Aontais arna moladh ag an gCoimisiún faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027, lena n-áirítear:

– an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus a chur chun feidhme an Chláir Shonraigh, Fís Eorpach,
– an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta
– an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

Is gá, dá bhrí sin, leasú a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún a bhaineann leis na cláir thuasluaite de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá údar le gníomhaíocht AE i ngeall ar Airteagail 43 (2), 173 (3), 182 (1) agus (4), 183, 188, 209, 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Sonraítear breithnithe na fochuideachta agus na comhréireachta i meabhrán míniúcháin [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh].

Thairis sin, sonraítear i Meabhráin Míniúcháin na dtograí seo a leanas ón gCoimisiún na comaoineacha fochuideachta agus comhréireachta is infheidhme maidir leis na cláir lena mbaineann:

– COM (2018) 392 le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (dá ngairtear "togra ón gCoimisiún COM (2018) 392" anseo feasta),
– COM(2018)435: Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh (dá ngairtear "togra ón gCoimisiún COM (2018) 435" anseo feasta),
– COM (2018) 436 le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gclár sonrach a bhunú lena ndéantar Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (dá ngairtear "togra ón gCoimisiún COM (2018) 436" anseo feasta),
– COM(2018)460: Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (dá ngairtear "togra ón gCoimisiún COM (2018) 460" anseo feasta),

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear leis an togra seo tograí ón gCoimisiún COM (2018) 392, COM (2018) 435, COM (2018) 436 agus COM (2018) 460.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sonraítear i meabhrán míniúcháin na dtograí tosaigh seo a leanas ón gCoimisiún na comhairliúcháin phoiblí agus na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a rinneadh: COM (2018) 392, COM (2018) 435, COM (2018) 436 agus COM (2018) 460.

- **Meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair**

Sonraítear i meabhrán míniúcháin na dtograí tosaigh seo a leanas ón gCoimisiún toradh na meastóireachtaí *ex-post* agus eatramhacha a rinneadh chun tacú leis an togra: COM (2018) 392, COM (2018) 435, COM (2018) 436 agus COM (2018) 460.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirfidh an tAontas EUR 14 647 milliún san iomlán ar fáil don chlár Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, EUR 16 483 milliún iomlán don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus EUR 11 448 milliún iomlán do mhéadú na ráthaíochta gníomhaíochta seachtraí faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. Beidh na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) incháilithe faoi mhéadú den chineál sin. Cuirfear an maoiniú breise ar fáil tríd an Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh bunaithe ar an gcumhachtú dá bhforáiltear sa Chinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse.

Soláthraítear tuilleadh sonraí maidir le himpleachtaí buiséadacha sa Ráiteas Airgeadais Reachtach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é atá sa togra modhnuithe spriocdhírithe ar na tograí seo a leanas ón gCoimisiún: COM (2018) 392, COM (2018) 435, COM (2018) 436 agus COM (2018) 460.

Is é is aidhm do na príomhleasuithe a tugtar isteach:

– Cur chun feidhme na mbeart a leagtar síos sa togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chumasú trí shásraí seachadta an Chláir Réime um Thaighde agus Nuálaíocht, an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe;

– Maoiniú a chumasú ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh mar ioncam seachtrach sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais;

– A áirithiú go gcomhlíonfar na spriocdhátaí spriocdhírithe a leagtar síos in Airteagal 4 den togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh trí chrostagairt chuí;

2018/0224 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh,**

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gclár sonrach a bhunú lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht,**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta,**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN Gcomhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Leasaítear Tograí COM(2018) 435, COM (2018) 436, COM (2018) 460, COM (2018) 392 ón gCoimisiún mar a leanas:

1. Leasaítear mar a leanas Togra COM(2018) 435 ón gCoimisiún le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh:

(1) Cuirtear an aithris (15a) seo a leanas isteach:

"(15a) I gcomhréir le Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh] agus laistigh de na teorainneacha ar acmhainní arna leithdháileadh ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoin gClár sin a dhéanamh chun dul i ngleic le tionchar ghéarchéim COVID-19, tionchar nach bhfacthas a leithéid riamh. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach a áiritheoidh go gcloífear leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh].;

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal 9a seo a leanas:

*Airteagal 9a*
*Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh*

Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], déanfar iad a chur chun feidhme faoin gClár seo trí bhíthin méideanna dá dtagraítear i bpointe (v) d'Airteagal 3(2)(a) de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], faoi réir Airteagal 4(4) agus (8) de.

Ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna méideanna sin.”

2. Cuirtear an tAirteagal 4a seo a leanas isteach i dTogra COM (2018) 436 ón gCoimisiún le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht:

*“Airteagal 4a*
*Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh*

I gcomhréir le hAirteagal 9a de Rialachán [an Rialachán maidir leis an gClár Réime], na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], déanfar iad a chur chun feidhme faoin gClár sonrach seo trí bhíthin méideanna dá dtagraítear i bpointe (v) d'Airteagal 3(2)(a) de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], faoi réir Airteagal 4(4) agus (8) de.”

3. Leasaítear mar a leanas Togra COM (2018) 460 ón gCoimisiún le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta:

(1) Cuirtear an aithris 36a seo a leanas isteach:

“(36a) I gcomhréir le Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh] agus laistigh de na teorainneacha ar acmhainní arna leithdháileadh ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a dhéanamh chun dul i ngleic le tionchar ghéarchéim COVID-19, tionchar nach bhfacthas a leithéid riamh. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach a áiritheoidh go gcloífear leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh].”

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal 6a seo a leanas:

*“Airteagal 6a*
*Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh*

(1) Faoin Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, déanfar an méid dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 26(3) a dheonú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(6) de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], cé is moite d'oibríochtaí cúnaimh mhacrairgeadais, rud a dheonófar mar a leagtar amach in Airteagal 4(7) de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh]. Lena chois sin, tacóidh an méid réamhráite le hoibríochtaí sna tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán IPA III.

(2) Úsáidfear an méid dá dtagraítear i bpointe (iii) d'Airteagal 3(2)(c) de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh] chun soláthar don Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoin Rialachán seo, de bhreis ar na hacmhainní a luaitear sa chéad fhomhír d'Airteagal 211(4) den Rialachán Airgeadais, agus le haghaidh na mbeart dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 2(2) de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], faoi réir Airteagal 4(8) de.

De bhreis ar na hacmhainní dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 211(4) den Rialachán Airgeadais, déanfar méid suas le EUR 11 285 762 000 a chur

san áireamh chun an soláthar a ríomh, soláthar ar toradh é ar an ráta soláthair dá dtagraítear in Airteagal 211(1) den Rialachán Airgeadais**.**

Ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sa mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír."

(3) Leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Faoin Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, féadfaidh an tAontas ráthaíocht a thabhairt i leith oibríochtaí arna síniú idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2027, suas le EUR 130 000 000 000.

Déanfar méid dar luach suas le EUR 70 000 000 000 den mhéid sin a leithdháileadh le haghaidh oibríochtaí lena gcuirtear chun feidhme bearta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1) de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], agus ní bheidh sé le fáil ach ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Rialachán sin.";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Féadfar tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta i dtíortha comhpháirtíochta sna limistéir gheografacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2) le CEFI+ agus leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha. Maoineofar soláthar na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha as buiséad na gclár geografach ábhartha a bhunaítear le hAirteagal 6(2)(a) gan dochar d'Airteagal 6a agus aistreofar é isteach sa chiste do sholáthar coiteann. Féadfar freisin, le CEFI+ agus leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí i dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán [IPA III]. An cistiú do na hoibríochtaí sin faoi CEFI+ agus do sholáthar na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, déanfar é a mhaoiniú as Rialachán [IPA], gan dochar d'Airteagal 6a(1) den Rialachán seo. Déanfar soláthar na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha le haghaidh iasachtaí do thríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán EINS a mhaoiniú as an Rialachán sin.";

(4) In Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déantar Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 le héifeacht ón 31 Nollaig 2021."

4. Leasaítear mar a leanas Togra COM(2018) 392 ón gCoimisiún le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle:

(1) Cuirtear an aithris nua (71a) seo a leanas isteach:

(71a) I gcomhréir le Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh] agus laistigh de na teorainneacha ar acmhainní arna leithdháileadh ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a dhéanamh chun dul i ngleic le tionchar ghéarchéim COVID-19, tionchar nach bhfacthas a leithéid riamh. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach a áiritheoidh go gcloífear leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh].”

(2) Cuirtear an tAirteagal nua 84a seo a leanas isteach:

*Airteagal 84a*
*Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh*

(1) Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh], déanfar iad a chur chun feidhme faoi CETFT le méid dar luach EUR 16 483 milliún i bpraghsanna reatha den mhéid dá dtagraítear i bpointe (vii) d'Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, faoi réir Airteagal 4(3), (4) agus (8) de.

Ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sa mhéid sin.

Cuirfear ar fáil é mar acmhainní breise le haghaidh gealltanas buiséadach faoi CETFT do na blianta 2022, 2023 agus 2024 de bhreis ar na hacmhainní foriomlána a leagtar amach in Airteagal 83 mar a leanas:

– 2022: EUR 8 117 milliún
– 2023: EUR 4 140 milliún;
– 2024: EUR 4 226 milliún.

(2) Is i gcomhréir le hAirteagal 83(3) a shocrófar miondealú na n-acmhainní breise dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh gach Ballstáit.

(3) Na rialacha maidir le saoradh a leagtar amach in Airteagal 32 de [COM Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air], beidh feidhm acu maidir leis na gealltanais bhuiséadacha a bhunaítear ar na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.

(4) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 86 maidir leis na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.

(5) Féadfar suas le 4 % de na hacmhainní breise iomlána dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh chuig cúnamh teicniúil ar thionscnamh na mBallstát faoi ranníocaíochtaí CETFT le pleananna straitéiseach na mBallstát faoi CBT.

(6) Déanfar na hacmhainní breise dá dtagraítear i mír 1 a úsáid faoi chuspóir sonrach nua a chomhlánaíonn na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6 chun tacú le hoibríochtaí lena n-ullmhaítear téarnamh an gheilleagair.”

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### Teideal an togra/tionscnaimh

Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus le leathadh (COM(2018)435); CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme - an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (COM(2018)436); Rialachán Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a dhréachtóidh na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) (COM (2018) 392 ); RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta

### Réimsí beartais lena mbaineann (Cnuasach clár)

01 An taighde agus an Nuálaíocht

15 Gníomhaíochtaí seachtracha

08 An Talmhaíocht agus Beartas Muirí

### Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[2]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

X **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### Forais an togra/tionscnaimh

*Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Moltar na leasuithe spriocdhírithe sin ar Fhís Eorpach — an Creat, an Clár Sonrach um Thaighde agus um Nuálaíocht agus an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) agus ar idirghabhálacha CETFT faoi Phleananna Straitéiseacha CBT faoi chuimsiú an togra CAI athbhreithnithe lena n-áirítear Ionstraim um Théarnamh an Aontais Eorpaigh (EURI). Cuirfidh an ionstraim nua seo cistí ar fáil do na cláir sin ar feadh tréimhse teoranta os cionn na n-uasteorainneacha atá leagtha síos do leithreasaí gealltanais agus íocaíochta ag CAI, mar ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21 den Rialachán Airgeadais.

Mar riail ghinearálta, ba cheart an tacaíocht airgeadais agus na gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanann an Coimisiún a thús-ualú faoi dheireadh 2024 agus, maidir leis an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, ar feadh 60 faoin gcéad ar a laghad den iomlán, ba cheart tabhairt fúthu faoi dheireadh 2022. Ba cheart don Choimisiún, dá

[2] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

bhrí sin, na blianta atá fágtha tar éis 2024 go dtí deireadh CAI a úsáid chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an láthair a chothú agus chun an téarnamh a bhfuiltear ag súil leis a bhaint amach sna hearnálacha ábhartha eacnamaíocha agus sóisialta agus chun athléimneacht agus cóineasú a chur chun cinn.

*Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

(1) Chun leathadh ghalar Choróinvíris ('COVID-19') a shrianadh, ar dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim í an 11 Márta 2020, tá sraith beart nach bhfacthas a leithéid cheana glactha ag na Ballstáit agus ag tríú tíortha. Gur chuir na bearta sin isteach go mór ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Go háirithe, chuir na bearta sin isteach ar shlabhraí soláthair agus ar tháirgeadh agus ba chúis iad le neamhláithreachtaí ón ionad oibre. Ar bhonn níos leithne, tá na bearta sin tar éis meath tromchúiseach a chur ar staid airgeadais go leor gnólachtaí san Aontas agus i dtríú tíortha nó tá siad ina gcúis le meath den sórt sin.

(2) Tá an ghéarchéim tar éis titim go tapa i gcríoch an Aontais agus i dtríú tíortha. Tá coinne anois le crapadh géar fáis san Aontas in 2020 agus b'fhéidir go mairfidh sé in 2021. Tá an baol ann go mbeidh an téarnamh an-mhíchothrom sna Ballstáit éagsúla, rud a mhéadaíonn an éagsúlacht idir na geilleagair náisiúnta. Cuireann cumas fioscach difriúil na mBallstát tacaíocht airgeadais a chur ar fáil i gcás ina bhfuil an gá is mó leis an téarnamh agus dibhéirseacht na mbeart náisiúnta an margadh aonair i mbaol.

(3) Tá gá le sraith chuimsitheach beart le haghaidh téarnamh eacnamaíoch, lena gceanglaítear méideanna móra infheistíochta poiblí agus príobháidí chun borradh a chur faoin ngeilleagar, chun poist ardcháilíochta a chruthú agus chun infheistíocht a dhéanamh chun an damáiste láithreach a rinne paindéim COVID-19 a dheisiú.

(4) Leis an staid eisceachtúil sin, éilítear cur chuige comhleanúnach agus aontaithe ar leibhéal an Aontais chun tuilleadh meatha sa gheilleagar a chosc agus chun borradh a chur faoi théarnamh cothrom na gníomhaíochta eacnamaíche, chun leanúnachas a áirithiú agus chun méadú a dhéanamh ar infheistíochtaí don aistriú glas agus digiteach. Sa chomhthéacs sin, is gá, dá bhrí sin, Ionstraim AE um Théarnamh a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 nó ar an ngá le cistiú láithreach chun a áirithiú nach dtiocfaidh sé chun cinn arís.

(5) Faoin loighic sin, ba cheart go dtreiseodh an ionstraim an tacaíocht, trí Fhís Eorpach, do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na sláinte agus na haeráide. Cuirfidh sé sin le hullmhacht neartaithe chun freagairt go héifeachtach agus go tapa d'éigeandálaí agus d'infheistíocht i réitigh atá dírithe ar an eolaíocht chomh maith le comhsheasmhacht le spriocanna an Mhargaidh Ghlais Eorpaigh a áirithiú.

